

Cuir eolas ar: An Míol Mór Dronnach



I mBéarla: Humpback Whale

Ainm eolaíoch: *Megaptera novaeangliae*



GREEN-SCHOOLS
STAY HOME

Céard é féin?

Is mamach muirí é an míol mór. Baineann sé le grúpa ainmhithe darb ainm céiticigh, a bhfuil deilfeanna agus míolta móra araon ann. Tá an míol mór dronnach ina speiceas mór den mhíol mór bailíneach. Bíonn dath dubh air, le scornach agus bolg bán, agus lapaí fada. Tá eireaball mór aige a bhfuil a imeall corrach, rud a chuireann sé suas nuair a thumann sé síos faoi uisce. Níl dronn ar dhroim an mhíil mhóir dhronnaigh i ndáiríre, ach déanann sé a dhroim a chromadh nuair a thumann sé. Tá a cheann clúdaithe le cnapáin a dtugtar tiúbairíní orthu. Tá gruaig righin amháin ar a laghad i ngach cnapán, rud a chreidtear a chabhraíonn leis an míol mór gluaiseacht san uisce a bhrath.



Cé chomh mór agus atá sé?

Is iondúil go mbíonn míolta móra dronnacha thart ar 13 mhéadar ar fad, ach is féidir leo a bheith suas le 16 mhéadar ar fad. Bíonn na mná níos mó ná na fir. Bíonn suas le 36,000 cileagram meáchain iontu!

Cá mbíonn cónaí orthu?

Aimsítear míolta móra dronnacha ar fud aigéin an domhain. Šna míonna fuara, fanann siad in uiscí teo, trópaiceacha, áit a dtugann siad a gcuid **laonna** ar an saol. Šna míonna teo, déanann siad imirce go dtí na huiscí níos fuaire atá níos faide ón meánchiorcal le bia a fháil. Iúil agus Lúnasa an t-am is fearr le míolta móra dronnacha a fheiceáil in uiscí na hÉireann, amach ó chósta Chorcaí nó Chiarraí de ghnáth. Maireann an míol mór dronnach suas le 50 bliain.

Céard a itheann sé?

Is scagbheathóir é an míol mór agus itheann sé planctóin, Crilleanna (séacla) agus éisc bheaga, ar nós scadán agus salán. Níl fiacla aige dá bharr sin agus in ionad fiacla tá **bailín** aige. Tá an bailín cosúil le scuab agus é déanta as ceiritin (díreach cosúil le do chuid ingne agus gruaige). Glacann an míol



mór bolgam uisce isteach agus déanann é a bhrú amach tríd an mbailín. Téann na planctóin i bhfostú sa bhailín agus úsáideann an míol mór a dteanga ansin leis na planctóin a lí den bhailín. Neam neam!



Bagairtí:

Is iad longa móra an bhagairt is mó do mhíolta móra dronnacha toisc go mbuaileann longa fúthu uaireanta agus bíonn siad ina gcúis le truailliú de dheasca torainn, a chuireann isteach ar na míolta móra.

Is féidir leis an míol mór dronnach boilgeoga a shéideadh le

Tá siad faoi bhagairt freisin ag bruscar muirí, truailliú de dheasca ceimiceán agus laghdú ar an méid bia a bhíonn ar fáil dóibh. Rinneadh an oiread sin míolta móra dronnacha a ghabháil i lár an 20ú haois go raibh siad ionann is díothaithe ach, mar gheall ar dhlíthe idirnáisiúnta maidir le gabháil míolta móra, tá an pobal ar ais ar a sheanléim.

Ceol na Míolta Móra



Caitheann an míol mór dronnach 90% dá gcuid ama faoi bhun an uisce agus tagann aníos go dtí an barr le hanálú trína pholl séidte. Is minic a fheictear iad ag léim amach as an uisce, rud a dtugtar bréitseáil air. Ceapann eolaithe go ndéantar é sin le rabhadh a thabhairt do

mhíolta móra eile, le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid craicinn a ghlanadh nó le spraoi a bheith acu fiú amháin.

Tá míolta móra dronnacha an-ghlórach chomh maith, agus déanann cumarsáid le míolta móra eile i gcéin trí amhráin chasta. Is ag an

míol mór dronnach fir atá an t-amhrán is faide agus is casta darb eol i ríocht na n-ainmhithe.

Naisc:

Cuir tuilleadh eolais ar an míol mór dronnach agus ar na míolta móra agus na deilfeanna eile atá againn in Éirinn ag Grúpa na Míolta Móra agus na nDeilfeanna:

www.iwdg.ie

Nó breathnaigh ar National Geographic:


<https://www.nationalgeographic.com/animals/mammals/h/humpback-whale/>

Do shealsa!

Físeán maidir le míolta móra:

Breathnaigh ar an ngearrthóg físe seo ón gClár faisnéise de chuid Netflix dar teideal Our le tuilleadh eolais a fháil faoin míol mór dronnach:

<https://www.youtube.com/watch?v=gixUJLceEEjA>



Planet

Tráth na gCeist Tapa:

- Ainmnigh rud amháin a itheann an míol mór dronnach.
- Cá mbíonn na míolta móra dronnacha i rith na míonna fuara?
- Cá fhad an míol mór dronnach de ghnáth?
- Céard is ainm don struchtúr scuabach i mbéal an mhíl mhóir dhronnaigh?
- Ainmnigh rud amháin atá ag bagairt ar an míol mór dronnach.



Má tá tú i bponc, léigh an bhileog eolais arís.